





Iasacht le Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leat as iarratas a dhéanamh ar iasacht leis an gComhar Creidmheasa. Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus is le tacaíocht a thabhairt duit mar bhall atá muid ar an saol.

Céard iad na hiasachtaí éagsúla atá le fáil ó Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo?

	<p>Iasachtaí Carr ag 6.5% (6.7% APR)</p> <p>I gcás go bhfuil sé i gceist agat carr a cheannach, tá ráta an-iomaíoch againn ar iasachtaí carr. Is uastréimhse de 5 bliana i gceist.</p>
	<p>Iasachtaí Phearsanta ag 9% (9.41% APR)</p> <p>Má tá iasacht ag teastáil uait le haghaidh leithéidí athchóiriú tí, bainis, saoire, cúrsaí ollscoile 7rl. Is ag an ngnáth ráta a bheidh na hiasachtaí sin. Tá na hiasachtaí seo solúbtha ó thaobh méid agus téarmaí aisíocaíochta.</p>
	<p>Iasachtaí Chlúdaithe ag 5% (5.2% APR)</p> <p>I gcás go bhfuil scaireanna agat ach nach mian leat an méid atá agat i scaireanna a laghdú, seans go bhfuil tú i dteideal iasacht a fháil ag ráta speisialta. Beidh scaireanna de mhéid na hiasachta ar a laghad ceangailte leis an iasacht go dtí go bhfuil an iasacht glanta. Tá uasteorainn de €10,000 ar iasachtaí chlúdaithe agus uastréimhse de 5 bliana i gceist.</p> <p><i>Mar shampla, tá €6,000 scaireanna ag Pól, tá sé ag smaoineamh ar bhád a cheannacht ar €5,000. Bheadh deis aige iasacht clúdaithe ag ráta speisialta a fháil, ach ní bheadh cead aige na scaireanna a laghdú faoi méid na hiasachta.</i></p>
	<p>Iasachtaí Glasa ag 6.5% (6.7% APR)</p> <p>Má tá tú ag iarraidh do theach a fheabhsú faoi scéim deontas Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (Sustainable Energy Ireland) len é a dhéanamh níos éifeachtaí ó thaobh úsáid fuinnimh de, buail isteach chugainn, mar tá seans maith gur féidir linn cúnaimh a thabhairt duit.</p> <p>Tá uasteorainn de €10,000 ar iasachtaí glasa agus uastréimhse de 5 bliana i gceist.</p>

Céard iad na buntáistí le hiasacht a fháil ón gComhar Creidmheasa?

Buntáistí duitse:

1. *Tá Rátaí an-iomaíocha againn*
Molann muid dár mbaill comparáid a dhéanamh idir ár rátaí agus rátaí atá ar fáil ag institúidí airgeadais eile. De réir ár dtaighde tá ár rátaí níos saoire i mbeagnach chuile chás.
2. *Tá muid solúbtha ó thaobh aisíocaíochta de*
Tá sé tábhachtach cloí leis na socraithe aisíocaíochta a dhéanfaidh tú linn ach i gcás go bhfuil deacrachtaí agat aisíoc a dhéanamh ar iasacht, fáiltíonn muid romhat teacht isteach agus plé linn. Tá cáil orainn ó thaobh an tseirbhís a chuireann muid ar fáil dár mbaill. Tá sé fíorthábhachtach deacrachtaí a phlé linn le gur féidir leis an gcomhar creidmheasa agus an ball féin chuile iarracht a dhéanamh na deacrachtaí a réiteach.
3. *Tá árachas báis ar an iasacht*
Má chailltear ball agus an iasacht fós ag seasamh amach, de ghnáth déantar an iasacht a ghlanadh ina iomláine. Ní bhíonn aon chostas breise ann don seirbhís seo.
4. *Go minic íocann muid aisíoc úis leat*
Go minic déantar aisíoc beag úis a íoc le baill a bhfuil iasachtaí acu, rud a chiallaíonn go bhfaighfeá aisíoc ar roinnt den ús a d'íoc tú i rith na bliana.
5. *Tá árachas le fáil ar aisíoc*
Tá árachas RPI (Repayment Protection Insurance) againn a thugann cúnamh duit i gcás go bhfuil tú tinn nó go leagtar as obair tú. Tá costas breise ar an seirbhís seo, ach dóibh siúd gur suim leo is mór an faoiseamh a thugann sé.

Buntáistí don bpobal:

1. *Tacaíonn tú leis an bpobal trí iasacht a fháil uainn*
Trí iasacht a fháil ó do chomhar creidmheasa áitiúil tá tú ag tacú linn seirbhís a chur ar fáil don bpobal uile sa gceantar. Is tríd an ús a íoctar a dhéantar díbhinn a íoc le baill, a chuirtear urraíocht ar fáil do ghrúpaí áitiúla agus a chabhraítear linn seirbhís phroifisiúnta a chur ar fáil don bpobal.



Is ar scáth a chéile a mhaireann muid

Bí linn

Tar isteach nó glao orainn:

Comhar Creidmheasa Cholm
Cille Teoranta

Indreabhán & an Cheathrú
Rua

091 593421